STRAITÉIS NÁISIÚNTA RÍOMHGHNÓ

Conas gnólachtaí beaga agus meánacha thar gach earnáil den gheilleagar a spreagadh chun an úsáid is fearr a bhaint as Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Nollaig, 2004

Dréacht-Straitéis Náisiúnta Ríomhghnó

Clár

Achoimre Fheidhmitheach.....

Caibidil 1 - Réamhrá.....

- Céard is Ríomhghnó ann?
- Dúshlán Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)
- Bunú Ghrúpa Togra um Straitéis Ríomhghnó
- Comhthéacs/Spreagadh um fhorbairt straitéise nua

Caibidil 2. Plean Oibre um Shochaí na Faisnéise agus Ról na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.....

- Cúlra Phlean Oibre Shochaí na Faisnéise
- Ról na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus na nGníomhaireachtaí

Caibidil 3. Leibhéil úsáid TFC agus constaicí in aghaidh tuilleadh spreagaidh...

- Úsáid TFCí ag Fiontair Éireannacha
- Rochtain ar TFCí agus ar an Idirlíon
- Cén úsáid a bhaineann Comhlachtaí Éireannacha as TFCí?
- Ríomhthráchtáil
- Constaicí in aghaidh Ríomhthráchtála
- Slándáil
- Ríomhsholáthar

Caibidil 4. Moltaí.....

- Comhshocruithe institiúidiúla
- Scóip an dúshláin a gcaithfear aghaidh a thabhairt air
- Scileanna sa Timpeallacht Rialála/Ghnó agus san Ionad Oibre
- Cruthú scileanna bainistíochta TFC agus scileanna úsáideora TFC
- Tacaíocht ó na gníomhaireachtaí Forbartha
- Soláthar Eolais
- Monatóireacht ar Fheidhmíocht/Thaighde
- Cur i bhfeidhm

Aguisíní:

Aguisín 1	Téarmaí Tagartha an Ghrúpa Um Straitéis Ríomhghnó
Aguisín 2	Sonraí Chiste Shochaí na Faisnéise agus tograí maoinithe ag gníomhaireachtaí
Aguisín 3	Liosta tuairiscí a ndéantar tagairt dóibh sa doiciméad straitéise
Aguisín 4	Naisc idirlín atá san áireamh sa doiciméad

Achoimre Fheidhmitheach

Is éard atá i gceist leis an doiciméad seo ná bunús straitéise náisiúnta nua Ríomhghnó. Is í aidhm na straitéise ná gnólachtaí beaga agus meánacha (GBMí) a spreagadh agus cúnamh a thabhairt dóibh, in earnálacha den gheilleagar nach ndtáirgeann TFCí, sa chaoi is go mbeidh siad in ann TFCí a úsáid ar bhealach a mhéadóidh a mbuntáiste comórtasach. Is éard atá le fáil sa doiciméad ná toradh oibre an Ghrúpa Togra a bunaíodh i Nollaig 2003 go speisialta chun dul i mbun an togra seo.
Ba í an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a bhí mar cheannaire ar an nGrúpa agus bhí ionadaithe ó Fhorfás, Enterprise Ireland, Forbairt na Sionna agus Boird Fhiontraíochta Chathracha agus Chontaetha páirteach sa ghrúpa chomh maith.

Is féidir úsáid éifeachtach TFCí thar gach earnáil den gheilleagar a bheith mar spreagadh chun comórtas a mhéadú. Is é ceann de na bunchúiseanna a chuireann le teip na hEorpa teacht suas le rátaí fáis táirgíochta sna Stáit Aontaithe é an leibhéal íseal úsáide a bhaineann comhlachtaí Eorpacha as TFCí, taobh amuigh den earnáil TFC. Cé go bhfuil earnáil TFC an-láidir ag Éirinn agus go bhfuil an mianach inti a bheith mar cheannaire domhanda i dtionscail a bhaineann le TFC atá ag teacht chun cinn, níl ár bhfeidhmíocht chomh suntasach sin maidir le húsáid TFCí i bhfiontair atá bunaithe cheana féin in earnálacha den gheilleagar nach bhfuil baint ag TFCí leo.

Léiríonn anailís ar an scéal fíorasach maidir le húsáid TFC ag fiontair Éireannacha go bhfuil rochtain agus úsáid ríomhairí agus Idirlín forleathan anois, fiú i measc gnólachtaí beaga agus meánacha. Is í an dinimic atá i gceist anois maidir le rochtain ar an Idirlín ná luas agus costas rochtana.

Is iad na feidhmeanna is mó a bhaineann comhlachtaí Éireannacha as an Idirlíon ná cuardach eolais (75%), bancaireacht ar líne agus seirbhísí airgeadais (65%), agus chun monatóireacht a dhéanamh ar an margadh (37%). Tá córais TF ag leath de gach fiontar chun orduithe agus ceannacháin a bhainistiú. Níl naisc idir na córais seo agus córais sonraisc/íocaíochta ach ag an gceathrú cuid de na comhlachtaí seo. Níl naisc idir a gcórais TF maidir le bainistú orduithe agus a gcórais athordaithe inmhéanacha ach ag 14% de chomhlachtaí. Cé go mbaineann comhlachtaí móra úsáid níos sofaisticiúla as TFC ná mar a bhaineann comhlachtaí níos lú, faoi mar a bheifí ag súil, is cosúil gur fadhb í freisin do chomhlachtaí móra comhtháthú lag córas TF. Ar an iomlán tá leibhéal íseal go leor sofaisticiúlachta maidir le húsáid TFC i measc fiontar Éireannach. Tá cúpla constaic in aghaidh úsaide níos fearr agus níos éifeachtaí TFC ag fiontair taobh amuigh d'earnálacha a bhfuil baint acu le TFC aitheanta. San áireamh anseo tá ganntanas tuisceana ó thaobh an úinéara/na mbainisteorí de gur féidir le TFCí cur lena gcomhlachtaí. Tá ganntanas acmhainní TF inmhéanacha agus scileanna inmhéanacha nó ganntanas comhairle neamhspléaiche seachtraí i gceist chomh maith leis na hardchostais a bhaineann le hinfheistíocht i dTFCí. Tagraíonn an tuairisc a rinne an tAonad um Fhaisnéis Eacnamaíoch (AFE) le déanaí maidir le húsáid TFCí san Eoraip freisin do ghanntanas eolais TFC i measc bainisteoirí sinsearacha agus luann an tuairisc é sin mar an chonstaic inmheánach is mó atá sa bhealach ag comhlachtaí Eorpacha agus iad ag déanamh iarrachta an éifeacht is mó a bhaint as buntáistí TFCí.

Tá moltaí maidir le sárú na gconstaicí seo le fáil sa doiciméad seo agus tá moltaí freisin ann maidir le spreagadh úsáide níos mó TFC i measc GBMí agus micrea-

fhiontair síos tríd an ngeilleagar. Clúdaíonn na moltaí, atá sonraithe i gCaibidil 4, ceithre réimse leathana:

- Conas is féidir scileanna bainistíochta TFC agus úsáideora a chruthú
- Tacaíocht ó na gníomhaireachtaí Forbartha
- Soláthar Eolais
- Monatóireacht ar Fheidhmíocht/Thaighde

Tá grúpa oibre á bhunú chun cur i bhfeidhm na moltaí a stiúradh. Beidh iachall ar an nGrúpa seo tuairisc a chur faoi bhráid an Aire Fiontar, Tráchtála agus Fostaíochta roimh dheireadh 2005.

Caibidil 1

Réamhrá

1.1. Céard is Ríomhghnó ann?

Tá feidhm an-leathan ag an téarma 'Ríomhghnó'. D'fhéadfadh an téarma seo cur síos ar chomhlachtaí atá ag feidhmiú in earnálacha a tháirgeann TFC agus in earnálacha agus tionscail eile atá ag teacht chun cinn sa réimse digiteach. Ar leibhéal níos bunúsaí áfach, cuireann an téarma Ríomhghnó síos chomh maith ar fheidhmiú theicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide maidir le próisis ghnó i ngach earnáil den gheilleagar chun costais a laghdú, chun fiúntas custaiméirí a fheabhsú agus chun margaí nua a fháil do tháirgí agus do sheirbhísí. Is í an ghné seo de Ríomhghnó a ndéantar plé uirthi sa doiciméad seo. Táthar ag súil go mbeadh an doiciméad seo mar bhunús do straitéis náisiúnta Ríomhghnó nua dírithe ar spreagadh agus ar chabhrú le GBMí, micrea-fhiontair san áireamh, thar gach earnáil den gheilleagar, chun úsáid a bhaint as TFCí chun a mbuntáiste comórtais a mheadú. Is bunchloch í úsáid éifeachtach TFCí ag fiontair agus iad ag tógáil iomaíochais.

1.2. An Chéad Dhúshlán TFC eile

Leag an Cruinniú Mullaigh i Liospóin i 2000 sprioc amach, .i. an geilleagar is dinimiciúla agus eolas-bunaithe ar domhan a dhéanamh den Eoraip faoi 2010. Le rátaí fáis táirgíochta na hEorpa ag malartú idir 0.5% agus 1%, tá an úsáid íseal TFCí ag fiontair taobh amuigh den earnáil TFC san Eoraip ar cheann de na bunchúiseanna a chuireann le teip na hEorpa teacht chun cothromais leis na Stáit Aontaithe. Aithníonn an tAonad um Fhaisnéis Eacnamaíoch na leibhéil úsáide TFCí (éagsúil ó infheistíocht TFC nó táirgeadh TFC) atá íseal go leor ag comhlachtaí Eorpacha, mar an príomhfhachtóir idirghealaithe maidir le buntáiste na Stát Aontaithe thar an Eoraip i bhfás táirgíochta.[1] Tugann an tAonad faoi deara chomh maith go bhfuil laigí na hEorpa níos measa i measc GBMí agus go mbeidh tionchar ag rath i spreagadh nuálaíochta agus úsáide éifeachtaí ag GBMí thar earnálacha uilig an gheilleagair ar chumas gheilleagar na hEorpa fás eacnamaíochta agus buntáistí táirgíochta a bhaint amach.

Tá trí fhachtóir aimsithe ag an gCoimisiún Eorpach a chuireann in aghaidh GBMí go háirithe an buntáiste is mó a bhaint as TFCí:

1) na costais a bhaineann le hinfheistíochtaí i dTFCí atá ard go leor
2) ganntanas scileanna teicniúla agus bainistíochta agus
3) drogall ar GBM líonrú a dhéanamh le fiontair eile[2]

[1] Tuairisc an Aonaid um Fhaisnéis Eacnamaíoch ar 'Reaping the benefits of ICT - Europe's productivity Challenge' http://graphics.eiu.com/files/ad_pdfs/MICROSOFT_FINAL.pdf

[2] Tuairisc Choimisiún na hEorpa 'Adapting eBusiness policies in a Changing Environment - The Lessons of the Go Digital Initiative and the Challenges Ahead'. Márta 2003 http://www.europa.eu.int/comm/enterprise/ict/policy/doc/com_2003_148_en.pdf

Tá gníomhaíocht lucht ceaptha polassaithe scileanna bainistíochta TFC a thalmhú san áit oibre aitheanta chomh maith ag an AFE mar cheann de phríomhriachtanais lucht ceaptha polasaithe na hEorpa agus cheannródaithe gnó agus iad ag cruthú suíomh gnó inar féidir le nuálaíocht forbairt a dhéanamh agus ina bhfuil buntáistí TFC le fáil go héasca ag gach leibhéal den eacnamaíocht.

Tá earnáil táirgíochta TFC an-láidir ag Éirinn agus cruthaíonn sí í féin go han-mhaith i gcomparáid le geilleagair thosaigh eile, maidir le cruthú fiontair agus le mealladh FDI in earnálacha TFC agus earnálacha gaolta. Tá an poitéinseal agus an deis ag Éirinn freisin a bheith mar cheannaire domhanda sa tionscadal ábhair dhigitigh atá ag teacht chun cinn tríd a bheith ag diriú ar chúpla príomhearnáil inar féidir úsáid a bhaint as láidreachtaí atá aici cheana féin, m.sh, Ríomhfhoghlaim, cluichí digiteacha, leabharlanna digiteacha, seirbhísí teileamatacha/gan sreang agus feidhmeanna neamh-mheán. Níl ár gcruthú chomh maith áfach maidir le huchtú TFCí ag fiontair atá bunaithe cheana féin in earnálacha neamh-TFC sa gheilleagar.[3]

Tá Ríomhghnó ag oscailt a lán earnálacha eile de gheilleagar na hÉireann suas do chomórtas indirnáisiúnta mar le Ríomhghnó bíonn sé níos éasca agus níos éifeachtaí, ó thaobh costais de, go leor cinéalacha oibre a dhéanamh i gcéin. Tascanna riaracháin, m.sh. a bheith ag déileáil le fógraí beaga nuachtáin, dearadh ailtireachta agus foilsiú - níl anseo ach cúpla sampla de ne cineálacha earnálacha a mbeidh orthu aghaidh a thabhairt ar chomórtas idirnáisiúnta níos minicí nuair a bhaineann comhlachtaí móra agus ceannaitheoirí san earnáil phoiblí leas as costais níos ísle a bhaineann le soláthar leictreonach. Cuireann sé seo iachall ar fhiontair Éireannacha úsáid níos éifeachtaí a bhaint as TFCí. Tá dúshlán dúbailte i gceist d'fhiontair Éireannacha maidir leis seo:

- TFC a úsáid mar chruthaitheoir bhuntáiste comórtais i gcomhthéacs an tsuímh ina bhfeidhmíonn siad, chun glacadh le modhanna nua gnó agus bealaí nua oibre. Tá sé léirithe cheana féin ag príomhchomhlachtaí ina n-earnálacha, .i. Ryanair agus Dell, conas is féidir modh gnó difriúil a dhéanamh le TFC.
- Tá sé riachtanach freisin go gcinntíonn comhlachtaí go bhfuil na córais TFC atá acu láidir agus slán agus go mbaineann siad an t-uasbhuntáiste as infheistíochtaí TFC atá déanta acu cheana féin. Léiríonn taighde a rinne Enterprise Ireland go bhfuil GBMí lag maidir leis seo.[4]

[3] Monatóir Ríomhghnó Fhorfás Samhain 2003, http://www.Forfás.ie/publications/ecommerce.htm
[4] http//www.enterprise-ireland.com/eBusiness/ebit_ictissues.htm

1.3 Bunú Ghrúpa Togra um Straitéis Ríomhghnó

I mí na Samhna 2003, bhunaigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, in éineacht le Forfás, Enterprise Ireland, Forbairt na Sionna agus Boird Fhiontraíochta Chontaetha, Grúpa Togra. Is í aidhm an Ghrúpa seo ná an timpeallacht fíorasach maidir le leibhéil úsáide TFCí ag fiontair Éireannacha a scrúdú, go háirithe GBMí agus micreafhiontair. Aidhm eile ná constaicí in aghaidh úsáide níos éifeachtaí agus bealaí ina bhfuil an Roinn agus a cuid gníomhaireachtaí in ann cabhrú na constaicí seo a sharú, a aithint. Ba í an aidhm a bhí ag an nGrúpa torthaí na hoibre seo a chur ar fáil i bhfoirm straitéise nua a spreagfaidh agus a chabhróidh le GBMí, micreafhiontair san áireamh, Ríomhghnó a úsáid ar bhealach a mhéadódh a mbuntáiste comórtais.
Tá téarmaí tagartha agus modheolaíocht an Ghrúpa le fáil in Aguisín 1.

1.4 Comhthéacs/Dlús um fhorbairt straitéise nua

Ó 1999, tá go leor gníomhaíochtaí déanta ag an Roinn agus a cuid gníomhaireachtaí chun timpeallacht a spreagann Ríomhghnó a chothú, agus chun cabhrú le fiontair buntáiste a bhaint as poitéinseal Shochaí na Faisnéise. Tá roinnt tuairiscí le moltaí faoi thuilleadh gníomhaíochtaí maidir leis seo foilsithe freisin.[5] Tá béim faoi leith chomh maith ar fhorbairt scileanna TF don earnáil táirgíochta TFC. Ní dearnadh straitéis chomhordaithe dírithe go háirithe ar spreagadh tuilleadh úsáide agus úsáid níos éifeachtaí TFCí ag fiontair thar gach earnáil den gheilleagar go fóill áfach.

Maidir leis an an méid thuas, creideadh go raibh an t-am cuí bainte amach rólanna a d'fhéadfadh an Roinn agus a cuid gníomahaireachtaí a ghlacadh uirthi/orthu féin sa réimse seo a scrúdú. Fuair Monatóir Ríomhghnó Forfás 2003 amach freisin cé gur chruthaigh Éire í féin go maith maidir le cruthú fiontar dúchas a bhaineann le Ríomhghnó agus le infheistíocht dhíreach sheachtarach a bhaineann le Ríomhghnó a mhealladh, tá sí ar chúl gheilleagar eile maidir le huchtú Ríomhghnó ag fiontair atá ann cheana féin. I mí na Bealtaine, réitigh Comhairle na hEorpa, le moladh ó Choimisiún na hEorpa, gur chóir do Bhallstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid polasaithe tacaíochta chun cabhrú le GBMí titim isteach leis an timpeallacht Ríomhghnó a bhíonn de shíor ag athrú.[6]

Réitigh foilsiú Thuairisc na Príomhoifige Staidrimh 'Information Society Statistics-Ireland 2003'[7] i mí na Samhna 2003 an bóthar go mór do thosach na hoibre ar an straitéis. Is í seo an chéad thuairisc a sholáthraíonn eolas substaintiúil ar an earnáil TFC in Éirinn agus ar úsáid TFCí i dteaghlaigh agus i bhfiontair. Thug an Phríomhoifig Staidrimh faoin gcéad shuirbhé faoi uchtú TFCí ag fiontair Éireannacha i mí Dheireadh Fómhair 2002 agus rinneadh aithris air i mí Márta 2003. Ní raibh torthaí an tsuirbhé ó 2004 le fáil ag am foilsithe. Rinneadh suirbhé ar thart ar 10,000 fiontar i 2003 agus 50% an ráta freagra. Tá bunús dlíthiúil don suirbhé uchtaithe anois ag leibhéal an AE agus beidh sé ina fhoinse don chuid is mó de threoracha

[5] Forfás: 'e-Commerce the Policy Requirements', 1999.
http://www.Forfás.ie/publications/ecommerce.htm
Forfás: 'Legislating for Competitive Advantage in eBusiness and ICT's', Deireadh Fómhair 2002
Coimisiún An Chumainn Faisnéise: 'Building the Knowledge Economy', Nollaig 2002
Forfás: 'eBusiness Monitor' Samhain 2003, http://www.Forfás.ie/publications/ecommerce.htm
Coimisiún An Chumainn Faisnéise: 'Building Trust Through the Legal Framework', Nollaig 2002
'New Connections: Second Information Society Action Plan', Márta 2002
[6] http://www.europa.eu.int/comm/enterprise/ict/policy/doc/com_2003_148_en.pdf
[7] http://www.cso.ie/publications/ict/ictirelandjune2003.pdf

staitisticiúla a mbainfear úsáid astu chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta na RíomhEorpa ag Éirinn agus ag na Ballstáit eile.

Caibidil 2

Sochaí na Faisnéise agus Ról na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

2.1 Sochaí na Faisnéise

2.1.1 Plean Gníomhaíochta um Shochaí na Faisnéise

Bhí Éire ar cheann de na chéad thíortha a d'aithin poitéinseal agus dúshláin an Idirlín, le bunú an Choimisiúin um Shochaí na Faisnéise i 1998 agus le foilsiú chéad phlean gníomhaíochta an Rialtais do Shochaí na Faisnéise i 1999.

Leag an chéad phlean gníomhaíochta síos réimse gníomhartha chun buntáistí Shochaí na Faisnéise a thabhairt do shaoránaigh agus do ghnólachtaí agus chun a chinntiú go mbeidh Éire ina gníomhaire i Sochaí na Faisnéise. Dhírigh na gníomhartha ar fhorbairt an bhonneagair theileachumarsáide agus timpeallachta rialála, ar fhorbiart dheiseanna Ríomhghnó, ar sholáthar seirbhísí poiblí go leictreonach agus ar fheasacht an phoabail go ginearálta ar an Idirlíon a spreagadh. Bhunaigh an Rialtas ciste speisialta do Shochaí na Faisnéise chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhartha faoi leith chun feidhmeanna an Phlean Ghníomhaíochta a bhaint amach.

Foilsíodh *New Connections*, an dara Plean Gníomhaíochta um Shochaí na Faisnéise i mí Mhárta 2002[8]. Sa tuairisc *Sustaining Progress*[9], d'athdheimhnigh an Rialtas a ghealltanas maidir le cinntiú agus cothú suíomh cinnireachta d'Éirinn i Sochaí Domhanda faisnéise trí na moltaí atá leagtha amach i *New Connections* a chur i bhfeidhm. Foilsíodh an dara tuairisc faoi dhul chun cinn *New Connections* in Aibreán 2004[10]. Léiríonn an tuairisc dul chun cinn sa seacht réimse polasaí atá leagtha síos sa Phlean Gníomhaíochta – Bonneagar Teileachumarsáide, Suíomh Dlíthiúil agus Rialacháin, Ríomhrialtas, Ríomhghnó, Taighde agus Forbairt, Foghlaim Saoil agus Ríomhchomhaireamh.

2.1.2. RíomhEoraip

Tá forbairt shochaí faisnéise na hEorpa ag croílár aidhm Liospóine an AE a bheith mar an geilleagar is comórtasaí agus dinimiciúla ar domhan faoi 2010. Leag Pleananna Gníomhaíochtaí 2002 agus 2005[11] síos gníomhartha agus cuspóirí a socraíodh ag leibhéal AE chun úsáid níos mó TFCí a spreagadh agus leas a bhaint as na buntáistí a bhaineann leis an Idirlíon.

[8] http://www.taoiseach.gov.ie/index.asp?docID=557
[9] http://www.taoiseach.gov.ie/index.asp?docID=1414
[10] http://www.taoiseach.gov.ie/index.asp?docID=181&docID=1773
[11] http://www.europa.eu.int/information_society/eeurope/2005/index_en.htm

Tá dualgas as comhordanú Chlár Oibre Shochaí Faisnéise na hÉireann ar Roinn an Taoisigh agus ó Eanáir 2003 tá an dualgas céanna ar an Roinn maidir le Clár Oibre um RíomhEoraip. Tá dualgas ar an Roinn sin freisin as Fo-Choiste na Comhaireachta ar Shochaí na Faisnéise agus as Grúpaí um Chomhlíonadh Shochaí na Faisnéise idir-Ranna ag leibhéal Ard-Rúnaí agus Rúnaí-Cúnta. Soláthraíonn Roinn an Taoisigh rúnaíocht do Choimisiún Shochaí na Faisnéise freisin.

2.2. An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus a cuid gníomhaireachtaí

2.2.1. Rólanna don Roinn agus dá gníomhaireachtaí

Tá dualgas ar an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ar ghníomhaireachtaí um fhorbairt fiontair as comhlíonadh ghnéithe de Phleananna Shochaí na Faisnéise an AE agus na hÉireann maidir le cruthú agus forbairt fiontair, nuálaíocht, Taighde agus Forbairt agus forbairt scileanna. Tá dualgas ar an Roinn agus a gníomhaireachtaí freisin as soláthar a gcuid gnéithe féin den Chlár Oibre um Ríomhrialtas.

2.2.2. Creatlach Reachtaíochta

Maidir le reachtaíocht, tá dualgas ar an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta as reachtaíocht a chuireann an Treoir um Thráchtáil Leictreonach i bhfeidhm maraon le reachtaíocht maidir le comhaltóirí agus maidir le cearta maoine intleachtúla a bhaineann le trádáil ar líne.

2.2.3. Cuspóirí Tacaíochta d'Fhiontair

Ó 1999, riaraigh an Roinn tarraingt anuas €16m de mhaoin ó Chiste Shochaí na Faisnéise. Thug an t-airgead seo tacaíocht do réimse tograí a rinne an Roinn, a cuid gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí san earnáil phoiblí chun spreagadh a thabhairt d'fhiontair leas a bhaint as na buntáistí a sholáthraíonn TFCí. San áireamh anseo tá an chéad fheachtas eolais a chuir an Roinn ar bun in éineacht le IBEC, Ciste Luathaithe Enterprise Ireland agus cláir eBIT, an togra EMPOWER a rinne na Boird Fhiontraíochta Chontaetha agus cláir thraenála agus eolais PRISM a rinne Cumainn Lucht Tráchtála na hÉireann. Choimisiúnaigh an Roinn, trí Fhorfás, staidéir rialta Thagarmharcála ar an timpeallacht i gcomhair Ríomhghnó in Éirinn agus dár bhfeidhmíocht maidir le príomheacnamaíochtaí eile. Tá sonraí de thograí maoinithe ag CSF maraon le tograí maoinithe trí acmhainní gníomhaireachtaí chun cabhrú le gnólachtaí úsáid a bhaint as TFCí le fáil in Aguisín 2.

Caibidil 3

Úsáid TFCí ag Fiontair Éireannacha

3.1. Úsáid TFCí ag Fiontair Éireannacha

Cuireann an chaibidil seo síos ar an scéal fíorasach maidir le húsáid TFCí ag fiontair Éireannacha. Tá sí bunaithe ar anailís a rinne Grúpa Togra na Príomhoifige Staidrimh (POS) agus ar shonraí eile, agus aimsíonn sí na príomhdhúshláin a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu maidir le spreagadh uasúsáid TDCí.

3.2. Rochtain ar TFCí agus ar an Idirlíon

Maidir le tuairisc na POS ó 2003 faoi úsáid TFC ag fiontair:

- baineann 95% d'fhiontair úsáid as ríomhairí,
- baineann 85% acu úsáid as ríomhphost agus
- baineann 86% acu úsáid as an Idirlíon.

Tá leibhéil úsáide na dteicneolaíochtaí seo beagnach mar an gcéanna i ngach earnáil seachas an earnáil ríomhaireachta agus earnálacha gaolmhara.

Cé go ndearna an POS suirbhé ar fhiontair san earnáil déantúsóireachta le triúr fostaithe nó níos mó amháin, baineann na torthaí foilsithe do 2003 le fiontair a bhfuil deichniúr fostaithe nó níos mó acu. Léiríonn sonraí na POS gur bhain 54% de chomhlachtaí déantúsóireachta le níos lú ná deichniúr fostaithe úsáid as ríomhphost agus go raibh suíomh idirlín ag 24% acu. San earnáil seirbhísí, ba iad na figiúirí cuí 37% agus 13% faoi seach.

Ní rabhthas in ann teacht ar fhigiúirí 2003 inchomparáide ón suirbhé Eurostat maidir le Ballstáit eile an AE. Bhí úsáid Idirlín ag fiontair Éireannacha i 2002 incurtha le meán-úsáid an OECD/ECFE áfach. Bhí na rátaí is airde úsáide Idirlín ag fiontair ag an tSeapáin, an Fhionlainn, an tSualainn agus an Danmhairg (+95%). Bhí an ráta úsáide Idirlín ag fiontair Éireannacha (84%) mar an gcéanna le rátaí sa Ghearmáin, sa Nua Shéalainn, sa Spáinn, san Ísiltír agus san Iorua.

Ní hé rochtain Idirlín *per se* mar sin an phríomhfhadhb d'fhiontair Éireannacha. Léiríonn an suirbhé go bhfuil leibhéal an cheangail idirlín comónta go leor, fiú i measc gnólachtaí beaga nó meánacha. Is cosúil go bhfuil an dinimic faoi rochtain ar an Idirlín anois ag baint le luas agus costas rochtana. Tá ról lárnach ach go háirithe ag soláthar leathan seirbhísí leathanbhanda ag praghas íseal maidir le úsáid níos mó as TFCí ag gnólachtaí beaga a spreagadh.

Tá an priacal ann le polasaithe a chothaíonn rochtain fo-strúchtúir ina aonar gan déileáil leis na feidhmiúchain a bhaineann úsáid as seo go ndéanfar drochinfheistíochtaí i dteileachumarsáide dá bharr.
Díríodh go leor den bhéim go dtí seo ar sholáthar leathanbhanda, mar gheall ar shuíomh Éireann sa chomhthéacs seo faoi láthair. Sa todhchaí beidh sé riachtanach a chinntiú go dtugtar tacaíocht chomh maith d'fheasacht ar eolas agus d'éileamh ábhair agus feidhmiúchán. Spreagfaidh méadú ar éilimh do leathanbhanda cás gnó d'oibritheoirí teileachumarsáide infheistiú i mbonneagar a chruthú, go háirithe in áiteanna réigiúnacha.

Le rochtain ar leathanbhanda beidh fiontair Éireannacha in ann úsáid níos éifeachtaí a bhaint as an Idirlíon agus mar sin tá sé riachtanach go meádófar an t-eolas atá ag fiontair faoi bhuntáistí leathanbhanda. Tá suíomh Idirlín faoi Eolas Leathanbhanda forbartha ag an Roinn Cumarsáide chun gnólachtaí agus tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi rochtain leathanbhanda agus chun cabhrú leo comparáid a dhéanamh idir na táirgí éagsúla leathanbhanda atá ar an margadh (www.leathanbhanda.gov.ie)

3.3. Cén úsáid a bhaineann fiontair Éireannacha as TFCí?

Is iad seo a leanas na príomhfheidhmeanna a bhaineann gnólachtaí Éireannacha as an Idirlíon
1) cuardach eolais (75% d'fhiontair)
2) seirbhísí bancaireachta agus airgeadais (65%) agus
3) monatóireacht a dhéanamh ar mhargaí (37%)

Tá suíomh idirlín ag beagnach dhá thrian d'fhiontair. Is iad na heisceachtaí ná an earnáil ríomhaireachta agus earnálacha gaolmhara, (95% le suíomh Idirlín) agus an earnáil turasóireachta ina bhfuil suíomh idirlín ag 81% de ghnólachtaí. Baineann gnólachtaí le suímh idirlín úsáid as na suímh chun a gcuid earraí a chur ar an margadh agus chun catalóga agus liostaí praghasanna a chur ar fáil. Ní bhaineann ach 9% d'fhiontair úsáid as an Idirlíon chun seirbhís iar-dhíolacháin a chur ar fáil dá gcuid cliant. Tá líon na gcomhlachtaí sa mhír 250+ fostaí a bhaineann úsáid as an Idirlíon chun seirbhís iar-dhíolacháin a chur ar fáil beagán níos airde, ach tá sé fós íseal go leor ag 13%.

Tábla 2. Feidhmeanna a bhaintear as suímh Idirlín
(Foinse - Suirbhé na POS a rinneadh i mí Mhárta 2003)

-Margaíocht
-Catalóga Earraí agus Liostaí Praghasanna
-Soláthar thacaíocht iar-dhíolacháin
-Leathanach pearsanta deartha do chliaint
-Soláthar earraí digiteacha
-Seirbhísí Idirlín soghluaiste

Tá córais TF i gcomhair bhainistiú orduithe agus ceannach ag leath d'fhiontair. Níl ceangal ach ag an gceathrú cuid de na comhlachtaí seo idir na córais seo agus córais sonraisc agus íocaíochta. Níl ceangal idir córais TF maidir le bainistiú orduithe agus córais inmhéanacha athordaithe ach ag 14% de chomhlachtaí.

Cé go mbaineann comhlachtaí móra úsáid níos sofaisticiúla as TFC ná comhlachtaí beaga, faoi mar a bheifí ag súil, is cosúil gur fadhb mhór í do chomhlachtaí móra comhtháthú córas TF. Is cosúil nach bhfuil mionlach suntasach de chomhlachtaí móra chomh sofaisticiúil sin maidir leis an úsáid a bhaineann siad as TFCí is mar a bheifí ag súil. Léiríonn na sonraí nach bhfuil roinnt den mhionlach seo chomh sofaisticiúil le go leor comhlachtaí sa mhír 50 fostaí. Mar shampla, níl LAN ag 15% de chomhlachtaí le 250+ fostaí ach tá ceann ag 36% de na comhlachtaí beaga (níos lú ná 50 fostaí).

Tábla 3. Teicneolaíochtaí in úsáid de réir mhéid an chomhlachta (líon na bhfostaithe)
(Foinse - Suirbhé na POS a rinneadh i mí Márta 2003)

-Nótaí Ríomhphoist
-Inlíon
-LAN
-Líon Seachtrach

Is féidir a rá mar sin cé go bhfuil rochtain agus úsáid Idirlín le fáil go forleathan, tá leibhéal íseal sofaisticiúlachta i gceist maidir le húsáid TFCí agus an Idirlín ag fiontair Éireannacha - is fadhb í seo do chomhlachtaí móra freisin.

3.4. <u>Fáthanna don ghanntanas úsáide TFCí</u>

Cé go bhfuil léargas an-mhaith ag gníomhaireachtaí um fhorbairt fiontraíochta ar cheisteanna do chomhlachtaí maidir le húsáid TFCí, bhí sé tábhachtach na conclúidí a d'eascair as na sonraí a phlé le fiontair, agus inchur díreach a fháil uathu faoi na constaicí atá ann in aghaidh úsáide níos fearr agus níos éifeachtaí TFCí agus faoi conas is féidir aghaidh a thabhairt orthu. Cuireadh seisiún Fhócasghrúpa le chéile chun an chuspóir seo a bhaint amach faoi stiúir IMI. Fiafraíodh de rannpháirtithe san Fhócasghrúpa na fáthanna atá ann maidir le leibhéal íseal i gcomhtháthú chóras TFC, go hinmhéanach agus le custaiméirí.

Dhírigh na freagraí ar thrí réimse leathana, cé go bhfuil na réimsí seo nasctha:

1. ganntanas tuisceana i measc úinéirí/bainisteoirí maidir leis an gcúnamh a d'fhéadfadh TFCí a thabhairt dá ngnólachtaí
2. ganntanas scileanna inmhéanacha TF cuí, agus
3. na costais atá bainteach le TF.

Tá siad seo cosúil leis na deacrachtaí do GBMí atá aitheanta ag Coimisiún na hEorpa (Féach Mír 1.2. thuas)

Tháinig sé chun solais gur feidhm ann féin í TF agus ní mar chuid de straitéis lárnach ghnó i measc comhlachtaí, ní amháin comhlachtaí beaga. Cuireann easpa tuisceana nó eagla roimh TF i measc comhlachtaí/bainisteoirí níos sine leis an dearcadh seo. Moladh gur chóir d'úinéirí/do bhainisteoirí a bheith níos fearr ar an eolas faoi bhuntáistí a bhaineann le TFC chun go mbeadh TFCí mar chuid lárnach den phlean gnó. Ábhar suntasach eile ná go bhfuil infheistíocht i dTF costasach - do chomhlachtaí beaga ach go háirithe. Bíonn comórtas beagnach i gcónaí i dtaobh acmhainní atá gann, lucht oibre agus airgid thirim. Is í an fhadhb ná go mbíonn infheistíocht mar sin ag teastáil ar bhonn leanúnach, ní amháin nuair a fhaightear feidhmiúchán mar sin den chéad uair. Is í an fhírinne ná nach mbíonn rath ar a lán infheistíochtaí i dTF. Bíonn drogall ar chomhlachtaí a bhí thíos le hinfheistíochtaí costasacha níos mó acmhainní a chur isteach i gcórais nua. Cuireann an costas a bhaineann le comhtháthú chórais dhifriúla TF bac ar roinnt comhlachtaí móra freisin uaireanta. Cuireann ganntanas scileanna TF 'ar an láthair' le heaspa tuisceana faoi na buntáistí a bhaineann le hinfheistíochtaí atá déanta acu cheana féin.

Níl Rannóg TF dá chuid féin ag mórchuid de GBMí, nó bainisteoir TF fiú. Tugtar le tuiscint chomh maith nach bhfuil straitéis scríofa TFC nó plean gníomhaíochta TF ag an gcuid is mó acu. Cuireadh ceist le suirbhé na POS 2004 ag fiafrú d'fhiontair an raibh straitéis scríofa TFC/plean gníomhaíochta acu.

Mar gheall ar ghanntanas scileanna TF 'ar an láthair', de ghnáth is í an phríomhfhoinse chomhairle TF do go leor comhlachtaí ná an duine díolacháin a dhíolann earraí crua TF nó seirbhísí dóibh. Eascraíonn infheistíochtaí neamhchuí as seo uaireanta. Bíonn sé costasach comhairle TFC a fháil áfach fiú más féidir foinse chuí chomhairle a aithint. Bíonn éagsúlacht ag baint le caighdeán comhairle ó chomhairleoirí neamhspleácha freisin.

Is deacracht í freisin ganntanas traenála cuí maidir le straitéis TF d'úinéirí agus do bhainisteoirí agus d'eochair-phearsanra i gcomhlachtaí beaga. Cé go bhfuil go leor cúrsaí TF atá maoinithe go poiblí agus go príobháideach ar fáil, bíonn an bhéim ar ghnéithe teicniúla seachas ar ghnéithe bainistíochta TF. Bíonn tinreamh seachtainí/míonna i gceist le go leor acu agus bíonn siad dírithe ar cháilíocht a bhaint amach. Tugtar le tuiscint go mbíonn sé deacair ar roinnt úinéirí/bainisteoirí cúrsaí fada TF a dhéanamh - is éard atá ag teastáil uathu ná traenáil a bhíonn dírithe ar ghnó laethúil a gcomhlachtaí.

Fuair an staidéar Tagarmharcála i 2003 a rinneadh ar son na Roinne Trádála agus Tionsclaíochta (RTT)[12] sa Ríocht Aontaithe amach go bhfuil gnólachtaí níos lú chun deiridh sa Ríocht Aontaithe chomh maith maidir le húsáid shofaisticiúil TFCí. Mar gheall air sin bhí sé de nós ag gnólachtaí níos lú sa Ríocht Aontaithe gan bacadh leis an Idirlíon le trí bliana anuas. Is iad na fáthanna a bhí leis an nós sin ná:

-go bhfuil sé níos deacra ar ghnólachtaí beaga a bheith in ann íoc as/rochtain a fháil ar leathanbhanda

- nach bhfuil siad sách mór chun saineolaithe sa TF a fhostú agus mar sin níl siad in ann úsáid chomh héifeachtach sin a bhaint as TFCí agus a bhaineann comhlachtaí níos mó

- go bhfuil díoltóirí móra ag díriú ar ghnólachtaí níos mó agus mar sin ní dhírítear aird ar ghnólachtaí le níos lú ná 50 fostaí

Dúirt feidhmeannach sinsearach amháin sa tuairisc RTT 'go bhfuil cabhair ag teastáil ó ghnólachtaí beaga, níos mó ná ó ghnólachtaí eile, ó dhuine éigin chun an leas is fearr a bhaint as teicneolaíocht, ach níl duine ann chun é sin a dhéanamh.' Cuireann na focail seo síos ar an scéal a bhaineann le go leor GBMí in Éirinn chomh maith.

Tugann an taighde a rinne Enterprise Ireland (EI)[13] maidir le stádas TFC i GBMí (gan micrea-chomhlachtaí san áireamh) le fios nach bhfuil an chuid is mó de chomhlachtaí ag baint an leasa is mó as acmhainní TF atá ann cheana féin agus go mbíonn ar thart ar leath de chomhlachtaí aghaidh a thabhairt ar riosca gnó mar gheall ar laigí TF, m.sh., ní bhíonn a gcórais TF sách slán nó láidir (féach 3.7 thíos). Tá tromlach mór comhlachtaí lag nó an-lag maidir le scileanna straitéise TFC. Ní raibh infheistíocht i dTFC feiliúnach ach amháin i mionlach na gcásanna (38%) áfach. I bhfocail eile, ní bheadh sé feiliúnach do go leor comhlachtaí tuilleadh infheistíochta suntasaí a dhéanamh i dTFC, go gearrthéarmach nó go méanthéarmach ar aon nós. Ina áit sin is é an príomhriachtanas ná cinntí níos fearr a dhéanamh faoi infheistíocht TF, faoi bhainistíocht acmhainní TF atá acu cheana féin agus an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní sin. Cé go bhfuil an dearcadh seo bunaithe ar thaighde a rinneadh gan micrea-chomhlachtaí san áireamh, tugtar le tuiscint ó fhianaise a thagann ó bheith ag obair le micrea-chomhlachtaí go bhfuil an scéal céanna i gceist maidir le micrea-chomhlachtaí.

B'fhéidir go méadódh úsáid níos fearr TFC leibhéal úsáide chomh maith mar beidh buntáistí ag comhlachtaí a bhaineann an leas is fearr as TF agus bainfidh siad níos mó úsáide as na hacmhainní TF atá acu cheana féin. Chomh maith leis sin déanfaidh siad níos mó infheistíochta sa TF, is dócha, nuair a theastaíonn sé óna ngnólachtaí.

[12] DTI Business in the Information Age, International Benchmarking Study 2003, Booz Allen Hamilton
[13] http://www.enterprise-ireland.com/eBusiness/ebit_ictissues.htm

Tagraíonn an suirbhé a rinneadh don tuairisc AFE a rinneadh le déanaí an easpa eolais maidir le TFC i measc lucht bainistíochta sinsearach mar an chonstaic inmhéanach is mó in aghaidh comhlachtaí Eorpacha agus iad ag iarraidh an leas is mó a bhaint as TFCí. Deir an tuairisc go mbeidh an rath is mó ar chomhlachtaí agus iad ag baint feidhme as TFC má thugann siad traenáil dá bhfoirne in úsáid na nuatheicneolaíochta agus i réimsí eile a bhfuil dúshláin ag baint leo, m.sh. conas úsáid a bhaint as teicneolaíocht chun buntáiste iomaíoch a bhaint amach. Beidh ar bhainisteoirí go háirithe a dtuiscint maidir le buntáistí, riosca agus tionchar tionsclaíochta nua-theicneolaíochta a fheabhsú. Molann an tuairisc talmhú scileanna bainistíochta a bhaineann le TFC san ionad oibre mar cheann de chúig riachtanas do lucht ceaptha polasaithe na hEorpa agus do cheannairí gnó má tá siad chun fás táirgíochta TFC a chur chun tosaigh.

Mar gheall ar an méid atá ráite thuas, caithfear aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin seo a leanas:

Príomhdhúshlán 1
Conas is féidir scileanna bainistíochta TFC agus scileanna úsáideora TFC a thógáil i GBMí Éireannacha

3.5 Ríomhthráchtáil

Mar an gcéanna le gach tír OECD/ECFE eile[14] baineann fiontair Éireannacha úsáid as an Idirlíon níos mó mar uirlis chun earraí agus seirbhísí a ordú ná chun díolacháin a dhéanamh. Baineann comhlachtaí móra úsáid as an Idirlíon níos minice ná comhlachtaí beaga freisin.

De réir suirbhé na Príomhoifige Staidrimh, dhíol 30% de chomhlachtaí earraí trí Ríomhthráchtáil, agus b'ionann na díolacháin sin agus beagnach 25% de láimhdeachas. B'ionann Idirmhalartú Leictreonach Sonraí (ILS) agus beagnach leath de dhíolacháin Ríomhthráchtála. Bhí díolacháin ag 25% de ghnólachtaí in earnáil na seirbhísí trí Ríomhthráchtáil, .i. 13% de láimhdeachas. Cheannaigh beagnach leath na ngnólachtaí roinnt earraí nó seirbhísí trí Ríomhthráchtáil, ach tá céatadáin na gceannach iomlán a dhéantar sa chaoi seo fós an-bheag. Tá eisceacht le fáil sna hearnálacha miondíola agus mórdhíola ina ndéantar 9% de cheannach trí ILS.

Tá an t-eolas a fhaightear i suirbhé na POS go bhfuil gnólachtaí Éireannacha ag comhtháthú córas le soláthróirí seachas le custaiméirí mar an gcéanna leis an eolas ó staidéar idirnáisiúnta Tagarmharcála an DIT 2003[15], a d'aithin '...téama soiléir de TFCí a bheith in úsáid mar uirlis chun éifeachtúlacht shlabhraí soláthair a spreagadh - agus chun fiúntas a bhaint amach don cheannaitheoir - agus an díoltóir a bheith thíos leis.' Dúradh sa staidéar ón Ríocht Aonaithe freisin gur éirigh le cúpla gnó mór déantúsóireachta sa tSualainn - áit a mbaineann 66% de ghnólachtaí úsáid as soláthar ar líne - brú a chur ar go leor soláthróirí beaga dul i ngleic le córais shlabhra sholáthair ar líne mar gheall ar chomhdhlúthú cumhachta díolacháin.

[14] http://www.oecd.org
[15] DTI Business in the Information Age, International Benchmarking Study 2003, Booz Allen Hamilton

Maidir leis seo ní mór a chuimhneamh cé gur chuir 39% de chomhlachtaí Éireannacha orduithe thar an Idirlíon i 2003, rinne an dá oiread (79%) de chomlachtaí le 250 nó níos mó fostaí orduithe ar an dóigh seo. 64% an figiúr i 2002. Cheannaigh 18 de chomhlachtaí móra earraí trí mhargaí B2B i 2003 agus bhain 23% acu úsáid as EDI maidir le ceannacht, suas 15% ón mbliain roimhe sin.

Ón méid thuas, is féidir a rá gurb ionann Ríomhthráchtáil agus céatadán fíor-bheag de dhíolacháin agus de cheannacht. Ar ndóigh, cuireann beagnach an dá oiread d'fhiontair Éireannacha orduithe thar an Idirlíon is a fhaigheann orduithe.

3.6 Constaic in aghaidh Ríomhthráchtála

D'fhiafraigh suirbhé na Príomhoifige Staidrimh d'fhiontair céard iad na príomhchonstaicí in aghaidh Ríomhthráchtála. Cé go raibh an bhéim difriúil ag brath ar shuíomh na gcomhlachtaí agus ar iad a bheith ag díol ar líne nó gan é sin a dhéanamh, ba chonstaicí suntasacha iad fadhbanna slándála faoi íocaíochtaí agus amhras maidir le creatlach dlíthiúil Ríomhthráchtála in aghaidh trádála ar líne do gach fiontar. Ba iad na príomhchonstaicí eile a aithníodh sa suirbhé ná; nach raibh custaiméirí réidh i gcomhair tráchtála Idirlín agus nach raibh earraí agus seirbhísí feiliúnach, cé gur fáth i gcoinne trádála ar líne seachas constaic in aghaidh trádála ar líne an ceann deireanach.

Thug rannpháirtithe i seisiún an Fhócasghrúpa le fios go raibh easpa tuisceana faoi "shuímh shlána", easpa eolais faoi na dlíthe a bhaineann le trádáil ar líne, amhras faoi na rioscaí a bhaineann le híocaíochtaí ar líne agus na costais a bhaineann le bainistiú na rioscaí sin i measc na bhfadhbanna a bhí ag fiontair faoi thrádáil ar líne.

Tá torthaí an tsuirbhé maidir le neamhchinnteacht faoin gcreatlach dlíthiúil do Ríomhthráchtáil cosúil le conclúidí Chéad Thuairisc an Choimisiúin faoi fheidhmiú na Treorach um Ríomhthráchtáil[16], Comhairle ar líne na hArdstiúrthóireachta um Fhiontraíocht maidir le constaicí dlíthiúla i gcoinne Ríomhghnó[17] agus an suirbhé Ríomhghnó GBM 2003 a rinne na Cumainn Lucht Tráchtála[18]. Tugann sé sin le tuiscint gurb é easpa eolais maidir leis an gcreatlach dlíthiúil an phríomhfhadhb a gcaithfear aghaidh a thabhairt uirthi, seachas an creatlach dlíthiúil féin. Tá sé soiléir ó athbhreithniú gearr ar phríomhshuímh idirlín a bhfuil eolas agus comhairle maidir le Ríomhghnó orthu go bhfuil bearnaí eolais sa réimse seo.

Léiríonn suirbhé na Príomhoifige Staidrimh go soiléir freisin nach mbaineann ach líon an-bheag d'fhiontair Éireannacha a dhéanann trádáil ar líne úsáid as uirlísí chun muinín a chothú m.sh. córais do ghearáin chustaiméirí (10% d'fhiontair), scéimeanna maidir le marcanna muiníne (3%), cóid iompair (6%). Is é ceann de na fáthanna taobh thiar den leibhéal íseal seo ná go mbaineann go leor comhlachtaí Éireannacha úsáid as an Idirlíon go príomhá chun trádáil a dhéanamh le custaiméirí a bhfuil gaol fada acu leo agus bíonn muinín cothaithe acu leo taobh amuigh den Idirlíon agus mar sin ní bhíonn scéimeanna mar sin ag teastáil uathu. Tá muinín chustaiméirí faighte ag comhlachtaí eile trí ainmneacha branda seanbhunaithe. Ar ndóigh tá seans ann nach

[16] http://www.europa.eu.int/eur-lex/pri/en/dpi/rpt/doc/2003/com2003_0702en01.doc
[17] http:www.europa.eu.int/comm/enterprise/ict/policy/doc/legal_barriers_sec_2004_498.pdf
[18] Chambers of Commerce of Ireland SME e-Business Survey 2003

dtuigeann comhlachtaí na buntáistí a d'fhéadfadh a theacht as cóid iompair, scéimeanna marcanna muiníne srl.

Sonraíodh freisin i gCéad Thuairisc an Choimisiúin ar fheidhmiú na Treorach um Ríomhghnó, cé gur tháinig borradh ar dtús faoi bhunú mharcanna muiníne agus lipéad, díreach i ndiaidh gur glacadh leis an treoir, mhoilligh gníomhaíocht sa réimse seo. Is dócha gur tharla sé seo mar gheall ar aitheantas chustaiméirí de mharcanna muiníne indibhidiúla a bheith laghdaithe de thairbhe an iliomad marcanna muiníne, agus mar sin go bhfuil a n-éifeachtúlacht mar thoise chun muinín a thógáil laghdaithe. Ar ndóigh má cheapann comhlachtaí a dhíolann ar líne nach fiú marcanna muiníne, fós féin tá gá le cóid iompair agus modhanna eile um chleachtas cuí maidir le cothú muiníne a chur chun cinn.

Maidir le Ríomhthráchtáil B2B, tá grúpa saineolaithe bunaithe ag an gCoimisiún chun leathnú cód iompair maidir le trádáil idirlín B2B a chur chun cinn. Tá tuairisc ullmhaithe cheana féin ag an ngrúpa seo le seicliosta maidir le measúnú na gcód seo[19]. Tá tionscnamh maoinithe ag an gCoimisiún chomh maith, .i. eMarketservices.com a sholáthraíonn eolas oibiachtúil do chomhlachtaí a bhfuil sé ar intinn acu úsáid a bhaint as margaí ar líne. Tá Enterprise Ireland páirteach sa tionscnamh seo.

[19] http://europa.eu.int/comm/enterprise/ict/policyb2b/wshop/fin-report.pdf

Cé nár lig an t-am/na hacmhainní a cuireadh ar fáil don tionscnamh seo do scrúdú doimhin a dhéanamh maidir leis na hábhair a ainmnítear mar chonstaicí in aghaidh Ríomhthráchtála, is cosúil ón bhfianaise/anailís atá le fáil gur constaic í easpa muiníne in aghaidh trádála ar líne.

3.7 Slándáil

Léiríonn torthaí an tsuirbhé leibhéal tuisceana an-íseal ar an iomlán i measc gnólachtaí Éireannacha maidir le coiméad córas slán TF. Ní bhaineann ach 22% (beag), 50% (meán) agus 70% (mór) de chomhlachtaí úsáid as ballaí dóiteáin agus ní bhaineann ach 17%, 38% agus 52%, faoi seach, acu úsáid as stóráil sheactrach sonraí. Tá an leibhéal íseal úsáide ballaí dóiteáin ina ábhar imní nuair a chuirtear ráta úsáide ADSL atá ag fás, ceangail shocraithe ard-luais agus ISDN san áireamh.

Tábla 4. Teicnící Slándála in úsáid de réir mhéid an chomhlachta (líon na bhfostaithe)
(Foinse - Suirbhé na POS a rinneadh i mí Mhárta 2003)

Freastalaithe slána
Ballaí Dóiteáin
Incriptiúchán ar mhaithe le rúndacht
Stóráil sheactrach sonraí

Dúradh gurb é ceann de na fáthanna nach mbreathnaítear ar Ríomhshlándáil mar ábhar práinneach ná ganntanas eolais agus neamhthuiscint - níl an "Ríomhnamhaid" le feiceáil agus ceapann fiontair go bhfuil siad slán ó dhochar nuair a bhaineann siad úsáid as bogearraí frithvíoras. Tá sé soiléir go gcaithfear aghaidh a thabhairt ar chur ina luí ar fhiontair go gcaithfidh siad córais TF a choiméad slán.

Tá dualgas lárnach ar an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha san ábhar seo agus tá suíomh idirlín slán forbartha aici (www.netsecure.ie)[20] chun comhairle a thabhairt ar chúrsaí slándála TF. Sheol an Roinn sin, in éineacht le tionsclaíocht agus an Coimisiún um Shochaí na Faisnéise Lá Feasachta um Shlándáil Faisnéise i mí na Samhna (www.makeITsecure.ie). Soláthraíonn Enterprise Ireland comhairle ar shlándáil ghréasáin tríd an suíomh idirlín Open Up (www.openup.ie) chomh maith agus cuireadh maoin ó Shochaí na Faisnéise ar fáil freisin do Chumainn Lucht Tráchtála na hÉireann chun treoir a fhorbairt do ghnólachtaí maidir le tábhacht shlándáil ghréasáin.

Príomhdhúshlán 2
Céard is féidir a dhéanamh chun muinín fiontar a chothú maidir le trádáil ar-líne

3.8 Ríomhsholáthar

Má tá eagraíochtaí móra poiblí agus príobháideacha atá bunaithe in Éirinn chun níos mó soláthair a dhéanamh go leictreonach, caithfidh a mbunús soláthair GBM an chaoi ina ndéanann siad gnó a athrú. Laghdóidh Ríomhsholáthar agus forbairtí gaolmhara (m.sh. comhbhailiúchán éileamh/riachtanas do liostaí earraí atá bainistithe ag soláthróirí) constaicí 'eolais' in aghaidh teacht isteach agus cothóidh sé seo dianchomórtas idirnáisiúnta. D'fhéadfadh na himpleachtaí a bheith suntasach, ag brath ar an earnáil ina bhfuil an GBM ag feidhmiú. Ar an taobh dearfach tá seans ann go mbeidh tuilleadh deiseanna do sholáthróirí a athraíonn chun níos mó custaiméirí a fháil.

Beidh éagsúlacht i gceist maidir le héifeachtaí Ríomhsholáthair agus athruithe gaolmhara maidir le cleachtas ceannaigh ar sholáthróirí a bhfuil a gcuid custaiméirí ag baint usaide as Ríomhsholáthar. Beidh na rudaí seo a leanas le brath ag go leor GBMí áfach:

- Éilimh mhéadaithe maidir le hábaltacht TF
- Comórtas méadaithe (brú ar phraghsanna agus ar leibhéil seirbhísí)
- Neamhábaltacht bhainistiú orduithe níos mó
- Deiseanna nua easpórtála

As siocair go mbeidh tionchar ag Ríomhsholáthar ar cheannaitheoirí ón earnáil phríobháideach agus ag Ríomhsholáthar na hearnála poiblí ar fhiontair Éireannacha caithfear aghaidh a thabhairt ar:

Príomhdhúshlán 3
Conas is féidir a chinntiú go bhfuil GBMí ullmhaithe do dhúshláin agus do dheiseanna Sholáthair Leictreonaigh

[20] http:www.netsecure.ie

Caibidil 4

Moltaí

4.1. Réamhrá

Díríonn réamhrá an pháipéir seo ar an gcaoi ina bhféadfadh úsáid níos mó agus níos éifeachtaí TFCí a bheith mar spreagadh chun comórtas a mhéadú. Cé go raibh gá ann scóip an tionscnaimh a bheith teoranta ar go leor bealaí, tacaíonn fianaise ó thíortha eile agus taighde idirnáisiúnta leis na conclúidí a rinneadh maidir le constaicí a bhíonn in aghaidh GBMí Éireannacha dul i ngleic le TFCí agus le cineál ábhar a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu chun na constaicí seo a shárú. Tá moltaí sonraithe sa chaibidil seo faoi ghníomhaíocht a ba chóir a dhéanamh agus tuilleadh oibre a dhéanfaidh an Roinn agus a cuid gníomhaireachtaí maidir leis seo. Tá na moltaí rangnaithe faoi cheithre mhír leathana:

- Timpeallacht Rialála/Ghnó agus scileanna san ionad oibre
- Tacaíochtaí d'fhiontair
- Soláthar Eolais agus Cothú Chleachtais Chuí
- Taighde/monatóireacht

4.2 Scóip an Dúshláin Pholasaí a gcaithfear aghaidh a thabhairt air

Caithfear a aithint gur leor leibéal sách íseal úsáide TFCí do go leor GBMí. Do roinnt fiontar, is leor scairbhilleoga, próiseáil focal agus úsáid an Idirlín chun cuardach nó úsáid Idirlín chun dul i dteagmháil le custaiméirí/soláthróirí - sin an méid TFC atá ag teastáil. Fiú i gcásanna mar seo áfach tá cúrsaí bunúsacha TFC cosúil le stóráil sonraí agus slándáil fós tábhachtach ach déantar faillí iontu go minic nó ní dhéantar i gceart iad. D'fhiontair sa mhír seo ba chóir gurb í an phríomhaidhm pholasaí ná a chinntiú go bhfuil neart comórtais sa mhargadh chun rogha a sholáthar nuair a cheannaítear córais TFC agus seirbhísí teileachumarsáide.

Má tá fiontair sa mhír seo in ann leibhéal cuí bainistíochta TFC agus traenáil scileanna úsáideora agus comhairle neamhspléach TF a fháil, chabhródh sé sin a chinntiú go mbainfidís an leas is fearr as a gcuid infheistíochtaí TFC. Mheádódh sé an fhéidearthacht go ndéanfadh fiontair mar seo infheistíocht in acmhainní níos sofaisticiúla TF nuair a bheadh gá ann chomh maith.

Do go leor fiontar áfach, is é an toradh a bheidh ar theip na bhfiontar dul i ngleic ar bhealach níos éifeachtaí le TFCí ná deiseanna fáis a bheith caillte. Beidh rogha níos deacra le déanamh ag roinnt eile - is féidir leo athrú chun bealaí nua gnó, bunaithe ar úsáid éifeachtach TFCí agus an Idirlín nó caillfidh siad gnó dá gcuid iomaitheoirí atá sásta an t-athrú seo a dhéanamh. Beidh roinnt fiontar eile i bpriacal mar go mbeidh siad ag brath níos mó agus níos mó ar TFCí dá gcuid feidhmiúchán laethúil gan céimeanna cuí a thógáil chun a chinntiú go bhfuil slándáil agus láidreacht a gcóras ag teacht leis an méid a bhraitheann siad ar na córais seo. Tá idirghabháil dhírithe ag teastáil ó fhiontair sa mhír seo.

4.3 Timpeallacht Rialála/Ghnó nó agus Scileanna san Ionad Oibre

D'aithin an Grúpa Togra na gnéithe seo a leanas mar ghnéithe atá lárnach do chruthú suímh atá go maith chun úsáid TFC a chothú:

1. Leibhéal cuí scileanna bainistíochta TFC agus scileanna úsáideora TFC san ionad oibre.
2. Bonneagar maith teileachumarsáide.
3. Creatlach maith dlíthiúil le córas éifeachtach maidir le cur i bhfeidhm rialacha in aghaidh iompair chalaoisigh nó mhailísigh ar líne

4. Polasaithe slándála TF atá éifeachtach ag leibhéal an chomhlachta
5. Bonneagar tacaíochta atá éifeachtach agus iomaíoch maidir le costas
6. Leibhéal úsáide idirlín níos airde ag páirtithe trádála (náisiúnta agus idirnáisiúnta, le comhaltóiri san áireamh nuair is cuí)
7. Infhaighteacht chomhairleoirí TFC scilithe, neamhspléacha agus creidiúnaithe
8. Féidearthacht idirghníomhú éasca go leictreonach le heagraíochtaí seachtracha cosúil leis an Rialtas, institiúidí airgeadais, áisiúlachtaí, mórchustaiméirí srl.

Tá dualgais ar an Roinn seo agus ar a cuid gníomhaireachtaí maidir le forbairt scileanna cuí TFC taobh istigh den fhórsa oibre. Tá dualgas uirthi chomh maith maidir le reachtaíocht a bhfuil baint dhíreach aici le trádáil ar líne. Sa chomhthéacs seo tá ról ag an Roinn i gcinntiú go gcuirtear gnólachtaí agus comhaltóirí ar an eolas faoi reachtaíocht agus go ndéantar teagmháil leo maidir le hathruithe sa reachtaíocht. Mar a sonraíodh i gCaibidil 3 is cosúil go gcuireann neamhchinnteacht faoin gcreatlach dlíthiúil le ganntanas muiníne fhiontar maidir le dul i ngleic le trádáil ar líne. Tá roinnt foinsí Stáit agus foinsí eolais maoinithe ag an AE faoin gcreatlach dlíthiúil maidir le trádáil ar líne ach seans nach bhfuil fiontair ar an eolas faoi sin. Cuireann foinsí difriúla eolas os ár gcomhair ar bhealaí difriúla agus mar a sonraíodh, is léir go bhfuil bearnaí eolais ann.

Moladh Uimh 1
Moltar mar thús gur chóir gníomhaíocht a dhéanamh chun feasacht a chothú maidir le creatlach dlíthiúil faoi thrádáil ar líne. Ní mór go dtagródh aon togra maidir leis seo do na prionsabail a léirítear i Moladh Uimh 10 thíos

Maidir leis an timpeallacht ghinearálta rialála, tá ról ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a chinntiú nach bhfuil drochthionchar ag moltaí reachtaíochta atá faoi stiúr Ranna eile ar choinníollacha gnó. Tá bonneagar maith teileachumarsáide agus margadh iomaíoch riachtanach freisin do chruthú suímh thacaíochta inar féidir le gach gnó, ní hamháin gnó Ríomhghnó nó gnó gaolmhar, a bheith rathúil.

Maidir le huimhir 8 thuas, tá dualgas ar gach Roinn Rialtais agus Gníomhaireacht Stáit as soláthar a gcuid seirbhísí go leictreonach a leathnú. Cabhraíonn úsáid seirbhísí Rialtais ar líne le seirbhís seachaidh níos éifeachtaí agus le cothú muiníne maidir le húsáid TFCí i measc gnólachtaí. Tá méid suntasach de na seirbhísí a sholáthraíonn an Roinn seo do ghnólachtaí le fáil go leictreonach anois.

Léiríonn Caibidil 3 freisin an riachtanas atá ann chun a chinntiú go bhfuil GBMí ullmhaithe do na dúshláin agus na deiseanna a eascróidh nuair a thosaíonn ceannaitheoirí móra ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach ag baint úsáide as soláthar leictreonach. Tá dualagas ar an Roinn Airgeadais as cur i bhfeidhm straitéise náisiúnta Ríomhsholáthair. Caithfear a chinntiú go ndéantar é sin agus impleachtaí do GBMí á thabhairt san áireamh.

Moladh Uimh 2
Moltar go leanfar le comhrá leis an Roinn Airgeadais agus le ceannaitheoirí móra san earnáil phoiblí chun deiseanna a fháil agus chun na bagairtí a eascraíonn ó Ríomhsholáthar san earnáil phoiblí do GBMí a mhaolú.

4.3.1. Ag cruthú scileanna bainistíochta TFC agus scileanna úsáideora TFC

Tá difríochtaí i gceist idir scileanna bainistíochta TFC agus scileanna úsáideora TFC. Tá an dá cineál scileanna riachtanach chun an straitéis TFC a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ach ba chóir go ndíreofar aird níos mó ar fhorbairt scileanna bainistíochta TFC. De réir an Aonaid um Fhaisnéis Eacnamaíoch, is iad an dá scil riachtanacha atá in easnamh i gcomhlachtaí Eorpacha ná easpa cumais bhainisteoirí gnó buntáiste gnó a bhaint as úsáid na teicneolaíochta agus neamhábaltacht TF agus bainistíocht ghnó comhoibriú go héifeachtach.

Cé go bhfuil go leor laigí eile i gceist (m.sh. eapas scileanna úsáideora, ganntanas scileanna teicniúla), is féidir iad seo a leigheas má:

- fhaigheann bainisteoirí na scileanna atá ag teastáil chun athruithe TFC a chur san áireamh agus straitéisí gnó á ullmhú acu,
- fhaigheann bainisteoirí na scileanna atá riachtanach chun tograí TFC a dhíriú ar réimsí as ar féidir na buntáistí gnó is mó a fháil
- chuireann bainisteoirí prionsabail bhainistíochta choinbhinseanacha ghinearálta cuí i bhfeidhm (m.sh anailís ar thairbhe costais, bainistíocht chuí thograí srl.) maidir le pleanáil infheistíochtaí TF agus le bainistíocht laethúil fheidhmiúchán TF.

Rochtain ar Thraenáil atá le fáil cheana féin

Tá go leor gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh an Stát a dhéanamh chun leibhéal úsáide TF agus scileanna bainistíochta i bhfiontair a mhéadú. Is é an túsphointe ná a chinntiú go bhfuil a fhios ag gnólachtaí faoi na cúrsaí traenála atá le fáil cheana féin sna réimsí seo.

Mar shampla, tá réimse seiminéar Ríomhghnó, ceardlann agus cúrsaí traenála atá le fáil in Albain aitheanta ag Scottish Enterprise, in éineacht le RTT (Ríocht Aontaithe) agus cuireann siad bunachar sonraí maidir leis na himeachtaí seo ar fáil ar a suíomh idirlín (www.scottish-enterprise.com/eBusiness). Is féidir le comhlachtaí eolas faoi gach imeacht a fháil ón suíomh seo agus is féidir leo ceann a roghnú a bheadh go maith dá gcuid riachtanas féin. Is féidir leo áiteanna a chur in áirithe do na himeachtaí seo ar líne agus tá an chuid is mó de na seiminéair agus de na ceardlanna saor in aisce.

Moladh Uimh 3
Moltar go mbunófar bunachar sonraí cuimsitheach de gach cúrsa traenála maidir le scileanna bainistíochta TFC cuí. Beidh liosta ag teastáil ar dtús de na cúrsaí atá ar fáil cheana féin sa réimse seo. Ba chóir úsáid a bhaint as foinsí eolais atá bailithe cheana féin

Forbairt chúrsaí nua i scileanna bainistíochta TFC

Tuigtear go bhfuil cúrsaí forbartha i roinnt institiúidí tríú leibhéil cheana féin ina measctar scileanna TF agus scileanna gnó. Ba chóir a fháil amach an bhfuil riachtanas ann cúrsaí nua i scileanna bainistíochta TFC a chur ar fáil. Mar shampla, cúrsaí ag díriú ar bhainistiú TF do dhaoine nach bhfuil cúlra i dTF acu, cosúil leis an Dioplóma Deimhnithe sa Chuntasaíocht agus san Airgeadas, nó cúrsa ar úsáid TFC chun buntáiste comórtasach a bhaint amach. Is í an aidhm a bheadh ag cúrsaí mar seo ná a thaispeáint do chomhlachtaí na bealaí difriúla inar féidir leo úsáid nua a bhaint as TFC, m.sh úsáid TFC chun modh gnó a athrú.

Moladh Uimh 4
Tar éis an liosta cúrsaí a luadh i Moladh 3 thuas a bheith déanta, ba chóir féachaint ar chóir tuilleadh cúrsaí tríú leibhéil maidir le scileanna bainistíochta TFC a fhorbairt

Cur chuige nua maidir le cruthú scileanna bainistíochta TFC i gcomhlachtaí atá ann faoi láthair

Mhol Coimisiún na hEorpa gur chóir úsáid a bhaint as gréasáin thacaíochta do GBMí mar chur chuige maidir le scileanna Ríomhghnó a fhorbairt[21]. Is modh traenála de chuid ghréasán fiontar é an togra Skillnets, maoinithe faoin gCiste Náisiúnta Traenála tríd an Roinn seo.

Is rud tábhachtach é cruthú scileanna bainistíochta TFC do gach fiontar, ní amháin Enterprise Ireland/ Forbairt na Sionna nó bonn-chliaint fiontar CEB/BFC. Ar ndóigh tá taithí shuntasach forbartha i measc na ngníomhaireachtaí seo le blianta beaga anuas maidir le níos mó úsáide éifeachtaí TFCí ag fiontair a spreagadh agus forbraíodh cúpla cur chuige nua, mar shampla Clár Ríomhchnuasach (eCluster) Fhorbairt na Sionna agus Clár Ríomhghnó CEB/BFC Dhún na nGall. Ba chóir taighde a dhéanamh ar chóir cur leis na tionscnaimh seo chun tionscnamh náisiúnta traenála ar scileanna bainistíochta TDC a fhorbairt agus Skillnets mar eiseamláir.

[21] Tuairisc Choimisiún na hEorpa 'Adapting eBusiness policies in a changing environment - The lessons of the Go digital initiative and the challenges ahead'. Márta 2003. http://www.europa.eu.int/comm/enterprise/ict/policy/doc/com_2003_148_en.pdf

Moladh Uimh 5
Moltar gur chóir taighde a dhéanamh faoi fhorbairt thionscnamh gréasán-bunaithe um thraenáil náisiúnta maidir le scileanna bainistíochta TFC

Creidiúiú chomhairleoirí TFC

De réir an aiseolais a fuarthas le linn an tionscnaimh, bíonn éagsúlacht mhór i gceist maidir le caighdeán chomhairleoirí TFC. Léiríonn taighde a rinne EI le déanaí freisin go bhfuil laigí suntasacha i gceist maidir le comhairleoirí a bhaineann úsáid as GBMí chun comhairle a chur orthu faoi TF. Tá clár ag FÁS/EI do thraenálaithe/ d'eagraíochtaí traenála creidiúnaithe. Deimhníonn FÁS traenálaithe maidir le gnéithe de scileanna tógála freisin. Bheadh sé indéanta roinnt gnéithe de na scéimeanna seo a chur i bhfeidhm ar scéim um chreidiúnú chomhairleoirí TFC. Is í an aidhm a bheadh ag scéim mar seo ná a chinntiú go bhfuil leibhéal áirithe scileanna comhairle maidir le straitéis TFC ag comhairleoirí agus daoine proifisiúnta eile a chuireann comhairle ar GBMí maidir le cúrsaí TF nó cúrsaí gnó.

Moladh Uimh 6
Moltar go mbunófar scéim um chreidiúnú chomhairleoirí TFC

4.4. Tacaíocht na ngníomhaireachtaí Forbartha

Tá dualgas ar Enterprise Ireland agus Forbairt na Sionna as cabhrú le forbairt chomhlachtaí dúchasacha sna hearnálacha deantúsóireachta agus seirbhísí trádála idirnáisiúnta. Soláthraíonn siad réimse tacaíochta airgeadais, comhairle agus eile do chliaint ar bhonn aonair agus grúpa chun nuálaíocht, forbairt ghnó agus forbairt thar lear a chothú. Is é an ról atá ag an 35 Bord Fiontraíochta Cathracha agus Contaetha (BFCí) ná pointéinseal fiontraíochta dúchasach a fhorbairt, gníomhaíocht eacnamaíoch ag leibhéal áitiúil a spreagadh agus micrea-fhiontair (níos lú ná 10 fostaí) a chur chun cinn. San áireamh sa tacaíocht seo tá comhairle ghnó, cúnamh airgeadais agus traenáil bhainistíochta. Cuireann FÁS cláir áirithe ar fáil a chabhraíonn le gnólachtaí trí scileanna na bhfostaithe a fheabhsú agus soláthraíonn sé seirbhís thraenála chomhairleach ar bonn réigiúnach.

Má éiríonn le húsáid éifeachtach TFCí a bheith mar chuid de ghnó laethúil, caithfear gníomhaíochtaí atá dírithe ar an aidhm seo a lárnú. Léiríonn taighde an OECD/ECFE agus an Aonaid um Fhaisnéis Eacnamaíoch nach mbaineann go leor comhlachtaí leas cuí as a gcuid infheistíochtaí sa TFC muna ndéanann siad athstruchtúrú ar a n-eagraíocht chun buntáiste a bhaint as an infheistíocht. Tagann sé seo le conclúid go mbeidh riachtanas ar ghníomhaireachtaí forbartha as seo amach tacaíochtaí forbartha Ríomhghnó agus TFC a chur chun cinn mar chuid de phacáiste iomlán chun forbairt fiontraíochta a chur cun cinn, in áit aghaidh a thabhairt ar Ríomhghnó mar ghníomh ann féin.

Saintacaíochtaí Comhlachta

De réir taithí is cosúil gurb é an bealach is fearr chun cumas fiontar maidir le bainistíocht TFCí a chruthú, go háirithe go gearr- nó go meánthéarmach, ná comhairle aonair urraithe ag an Stát a sholáthar, cosúil le clár eBIT Enterprise Ireland agus clár Ríomhchnuasach Fhorbairt na Sionna. Ar ndóigh is dócha gurb é seo an bealach is costasaí chomh maith. Meastar go gcosnódh scéim chun comhairle dhíreach aonair faoi chruthú íomhá níos fearr de TFCí a chur ar leath na GBMí idir EUR15 milliún agus EUR120 milliún, ag brath ar leibhéal na comhairle agus na tacaíochta a chuirfí ar fáil. Tá tíortha eile ag déanamh infheistíochtaí mar seo. Mar shampla, faoi láthair tá an Bhreatain Bheag ag caitheamh thart ar STG £37 milliún thar thréimse sé bliana ar GBMí in áiteanna áirithe atá faoi mhíbhuntáiste.

Is féidir úsáid a bhaint as uirlisí airgeadais atá ag gníomhaireachtaí cheana féin ar bhonn aonair ach tá iarracht mhór agus clúdadh beag i gceist. Ag an am céanna níl maoin ó Shochaí na Faisnéise do thionscnamh áirithe, m.sh an clár eBIT, cinnte sa todhchaí. Tá sé riachtanach mar sin go socraíonn gníomhaireachtaí ar an modh seachadaidh agus na leibhéil mhaoine is fearr atá ag teastáil chun tacaíocht mar seo a chur ar fáil sa todhchaí.

Moladh Uimh 7
Moltar gur chóir do ghníomhaireachtaí forbartha tacaíochtaí forbartha TFC agus Ríomhghnó a chur chun cinn mar chuid de chur chuige iomlán maidir le forbairt fiontraíochta, in áit aghaidh a thabhairt ar Ríomhghnó mar ghníomh ann féin.

Moladh Uimh 8
Moltar gur chóir tuilleadh taighde a dhéanamh maidir le cláir aonair chomhairle atá ar siúl faoi láthair sa Bhreatain Bheag agus i mBallstáit eile chun fáil amach an léiríonn iar-/meánmheasúnuithe tionscnaimh go bhfuil na buntáistí a bhaintear as na cláir seo ag teacht le costais na gclár. Ba chóir scrúdú a dhéanamh faoi fheidhmiú chlár mar seo in Éirinn ansin.

Tionscnaimh Earnálacha

Gné eile a gcaithfear cuimhneamh uirthi agus tacaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith sa todhchaí á bplé ná go bhfuil tionchar ag an leibhéal ag a ndéanann GBMí a ngnó go leictreonach faoi láthair ar leibhéal idirghníomhaíocht leictreonach na n-eagraíochtaí sin lena bpáirtithe trádála. Mar sin, d'fhéadfadh comhoibriú maidir le huchtú idirghníomhaíochta leictreonaí idir comhlachtaí taobh istigh d'earnáil nó de shlabhra áirithe soláthair a bheith mar uirlis chumhachtach maidir le huchtú Ríomhghnó. Tá samplaí de ghrúpaí comhoibrithe mar sin le fáil in Éirinn agus in áiteanna eile. Sampla Éireannach amháin ná an Comhaontas um Theicneolaíocht na Faisnéise maidir le Tógáil (www.cita.ie). Tá go leor, agus is dócha an chuid is mó, de chomhlachtaí tógála mora Éireannacha, comhlachtaí ailtireachta/innealtóirí comhairliúcháin agus soláthróirí don tionscal tógála ina mbaill den chomhaontas seo, maraon le roinnt soláthróirí TF do na comhlachtaí seo agus roinnt daoine acadúla. Is féidir spreagadh agus tacaíocht do ghrúpaí mar seo a bheith mar mhodh éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costas de chun spriocanna Ríomhghnó a chur chun tosaigh. D'fhéadfadh na staidéir earnálacha eBusinessW@tch a ndearnadh tagairt dóibh i 4.2.2 agus taithí Bhallstát eile sa réimse seo cabhrú chun cur le tionscnamh ar bith a fhorbraítear sa réimse seo.

Moladh Uimh 9
Moltar go spreagfadh gníomhaireachtaí Stáit tionscnaimh earnálacha atá deartha chun uchtú Ríomhghnó a dhéanamh níos éasca

4.5. Soláthar Eolais

Tá cás láidir le déanamh i gcomhair comhordanaithe níos fearr idir Ranna agus gníomhaireachtaí maidir le forbairt agus seachadadh eolais faoi Ríomhghnó agus cúrsaí gaolmhara chuig fiontair. Ní thiteann an dualgas maidir le soláthar eolais d'fhiontair i réimse gníomhaireachta amháin, i réimse rannóige na Ranna nó ar ndóigh i réimse aon Roinn Rialtais amháin. Cuireann an teorainn, a bhíonn daingean go minic maidir le roinnt dualgas idir gníomhaireachtaí Stáit agus idir Ranna agus gníomhaireachtaí, in aghaidh cur chuige iomláin agus fiúntaigh ó thaobh airgid de maidir le soláthar eolais d'fhiontair uaireanta. Is iad na haidhmeanna a ba chóir a bheith ann ná go mbeadh fiontair in ann eolas a fháil go héasca agus nach mbeadh dúbailt costas no iarrachta i gceist i bhfoirmliú ábhair chuí.

Mar shampla, níl difríocht idir na teicnící a bhíonn i gceist le húsáid an Idirlín chun cuardach a dhéanamh i gcomhair eolais ghnó dhifriúil do chomhlacht le triúr fostaithe agus comhlacht le 200 fostaí. Tá Treoir shonraithe forbartha cheana féin ag Enterprise Ireland, 'Using the Internet as a Business Intelligence Tool' atá le fáil saor in aisce trí shuíomh Idirlín Open Up. Ar ndóigh ní bheifí ag súil go mbainfeadh micrea-fhiontair úsáid as Enterprise Ireland.

Cuireadh méid suntasach ábhar le chéile le 4 bliana anuas - treoracha, Staidéir ar Chásanna, ábhar traenála madir le conas is féidir straitéis TFC a fhorbairt. Tháinig an t-ábhar seo ó acmhainní a bhí ag gníomhaireachtaí cheana féin agus le tacaíocht ó Chiste Gnímh Shochaí na Faisnéise. Tá airgead ó Shochaí na Faisnéise faigthe ag Cumainn Lucht Tráchtála na hÉireann freisin chun sraith treoracha 'Conas..' agus ábhar traenála maidir le húsáid níos éifeachtaí TFCí a fhorbairt. Tá gá le soláthar eolais trí mhodhanna aitheanta freisin agus caithfear fograíocht a dhéanamh ag cur in iúl go bhfuil an t-eolas seo ar fáil. Bíonn brú ama ar beagnach gach bainisteor GBM. Má chuardaíonn siad eolas agus muna bhfuil siad in ann é a fháil go tapaidh, bíonn an nós acu stop a chur leis an gcuardach. Léirigh an feachtas Openup de chuid Enterprise Ireland a rinneadh le déanaí chomh maith le taighde a rinneadh sa mhargadh:

- gur cheap bainisteoirí GBMí a fuair eolas foilsithe go raibh an t-eolas seo úsáideach
- go bhfuil leibhéal eolais maidir le hinfhaighteacht chomhairle fhoilsithe do GBMí maidir le TFC fós íseal go leor
- gur féidir le céimeanna gníomhacha i gcaidreamh poiblí leibhéil úsáide na n-ábhar oideachasúil seo a mhéadú.

Moladh Uimh 10
Moltar gur chóir go mbeadh comhordanú ann maidir leis an gcaoi ina bhforbraítear/seachadaítear ábhar a bhaineann le Ríomhghnó atá maoinithe ag an Stát, ag tógáil na bprionsabal seo a leanas san áireamh: -níor chóir don Stát íoc as an ábhar céanna níos mó ná uair amháin -ní mór ábhar le feidhmiú leathan a roinnt -ní mór do thairiscintí maidir le hábhar nua úsáid a bhaint as an méid atá forbartha cheana féin -ní mór eolas a sheachadadh trí phointí caidrimh aitheanta GBMí (m.sh. SME EICs)

4.6 Monatóireacht ar Chruthú/Thaighde Sonraí Staitisticiúla

Tá rochtain eolais staitisiciúil stuama faoi úsáid TFCí ag fiontair riachtanach d'fhoirmliú polasaí cuí sa réimse seo. Is réamhriachtanas é freisin do bhunú agus do mhonatóireacht spriocanna agus chruthaithe. Ceapadh ar dtús go leagfadh an doiciméad straitéise a thiocfadh ón tionscnamh seo spriocanna síos a bhainfeadh le leibhéil uchtaithe Ríomhghnó ag GBMí sa todhchaí agus go léireodh sé modhanna meastóireachta na spriocanna sin. Tá sé soiléir anois áfach go bhfuil tuilleadh anailíse agus taighde ag teastáil sula ndéanfar é sin.

Cuirfidh forbairt shuirbhé de chuid na POS ar fhiontraíocht maidir le húsáid TFC, a dhéanfar gach bliain as seo amach, go mór lenár gcumas monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil úsáide TFC thar gach earnáil den gheilleagar. De thairbhe go ndéantar an suirbhé céanna i ngach Ballstát eile den AE soláthróidh sé bunús stuama maidir le Thagarmharcáil a thabhairt do chruthú na hÉireann i gcomparáid leis na tíortha eile. Beidh torthaí suirbhé 2004 na POS le fáil go luath agus cuirfidh siad bunús ar fáil maidir le ráta athraithe in uchtú TFC thar 12 mí a mheas. Beidh ceisteanna breise san áireamh sa suirbhé chomh maith chun iarracht a dhéanamh cuid de na torthaí a bhí sa suirbhé i 2003 a mhíniú.

Tá tuilleadh taighde á dhéanamh faoi láthair ag leibhéal náisiúnta maidir le tionchar TFCí ar tháirgeadh. Tá scóip ann freisin do thuilleadh taighde maidir le gnéithe eile d'úsáid TFC ag fiontair in Éirinn.

Tá dul chun cinn mór déanta ag leibhéal an AE maidir le cruthú eolais statisticiúil atá níos cuimsithí faoi úsáid TFC ag fiontair. Maraon le suirbhéanna náisiúnta Eurostat a dhéantar i ngach Ballstát, tá sraith staidéar doimhin maidir le tionchar TFCí ar earnálacha éagsúla thionsclaíocht na hEorpa curtha le chéile ag eBusinessW@tch, atá maoinithe ag an gCoimisiún. Tá obair ag dul ar aghaidh freisin ag leibhéal an AE maidir le forbairt 'eBusiness Sopistication Index' leis an aidhm go n-aimseofar gnéithe de Ríomhghnó a bhfuil tionchar mór acu ar tháirgeadh agus ar fhás.

Moladh Uimh 11
Moltar go mbunófar Grúpa Saitisticiúil chun na foinsí sonraí maidir le húsáid TFC ag GBMí a aithint, chun riachtanais eile sonraí a mheas; chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí náisiúnta agus AE sa réimse seo agus cur leo, chun tuilleadh oibre a dhéanamh maidir le spriocanna a bhunú d'uchtú TFC ag fiontair Éireannacha agus chun modhanna monatóireachta na spriocanna seo a bhunú agus a mheas freisin.

Cleachtas cuí maidir le monatóireacht

Ní hí Éire an t-aon Bhallstát amháin atá ag iarraidh dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le spreagadh GBMí glacadh le Ríomhghnó. Tá Ballstáit eile ag iarraidh straitéisí nua a fhorbairt sa réimse seo freisin. Is tionscnamh urraithe ag an Ardstiúrthóireacht um Fhiontraíocht an Gréasán Tacaíochta Ríomhghnó a sholáthraíonn deis do dhéantóirí polasaí, d'eagraíochtaí ionadaithe gnó agus do dhaoine acadúla ar fud na hEorpa eolas agus taithí a roinnt faoi chláir agus thionscnaimh a chabhraíonn le GBMí dul i ngleic ar bhealach níos éifeachtaí le TFCí. www.e-bsn.org. Déanann Grúpa Stiúrtha an ghréasáin monatóireacht ar obair ag leibhéal an AE ar an eolas staitisticiúil a ndearnadh tagairt dó níos luaithe. Bhí rannpháirtíocht na Roinne agus na ngníomhaireachtaí sa ghréasán go dtí seo fíorluachmhar agus ba chóir go leanfar leis seo.

Moladh Uimh 12
Moltar go ndéanfar monatóireacht ar pholasaithe i bBallstáit an AE agus i ngeilleagair mhóra eile maidir le huchtú TFC agus GBMí, trí, mar shampla, a bheith rannpháirteach sa Ghréasán Eorpach Ríomhghnó, ag iarraidh a chinntiú go bhfuil polasaithe tacaíochtaí d'fhiontair Éireannacha ag teacht le cleachtas cuí idirnáisiúnta.

Cruthú muiníne maidir le trádáil ar-líne

Molann Moladh Uimh 1 nach mór rud éigin a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb go bhfuil neamhchinnteacht i gceist maidir leis an gcreatlach dlíthiúil agus leis an gcaoi ina gcuireann sé seo le heaspa muiníne ghnólachtaí dul i ngleic le trádáil ar líne. Mar a sonraíodh i gCaibidil 3, mar gheall ar easpa ama/acmhainní ní féidir leis an tionscnamh seo scrúdú doimhin a dhéanamh ar chursaí eile a ainmnítear mar chonstaicí in aghaidh Ríomhthráchtála. Caithfear tuilleadh oibre a dhéanamh chun nádúr na gconstaicí seo a aithint.

Moladh Uimh 13
Moltar go ndéanfar tuilleadh taighde maidir le sain-nádúr na gconstaicí in aghaidh trádála ar líne de réir thaithí fiontar.

4.7 Cur i bhfeidhm

Tá Grúpa Oibre, déanta d'ionadaithe ón Roinn agus ó na gníomhaireachtaí a dtiteann na moltaí taobh istigh dá réimsí, á bhunú chun cur i bhfeidhm an chláir oibre seo a stiúradh. Bunófar grúpaí togra éagsúla do gach moladh. Beidh rannpháirtíocht sna grúpaí seo oscailte d'ionadaithe ón earnáil phríobháideach, do dhaoine acadúla agus do dhaoine a bhfuil suim faoi leith acu sa togra chomh maith. Bunófar an Grúpa Oibre ar feadh bliana ar dtús agus beidh air tuairisc a chur faoi bhráid an Aire Fiontar and Fostaíochta roimh dheireadh 2005.

Aguisín 1

Grúpa Straitéise RíomhGhnó

Ballraíocht

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	Kieran Grace, Anne Forde, Sinead Gilligan,
Forfás	Adrian Devitt, Shane Quinlavin
Enterprise Ireland	Jim Cuddy, Lorcan O'Sullivan
Forbairt na Sionna	Brendan McCormack
Boird Fhiontraíochta Chathracha agus Chontaetha	Eamonn Kelly

Modheolaíocht

Bhuail an grúpa le chéile deich n-uaire. Forbraíodh gréasán seachtrach chun obair an Ghrúpa a dhéanamh níos éasca. D'fhreastail ionadaithe ó Rannóg GBM agus na Fiontraíochta áitiúla ar roinnt cruinnithe an ghrúpa agus bhí siad páirteach i seisiún an an Fhócasghrúpa. Bhí an Roinn um Fhorbairt an Fhórsa Oibre agus FÁS páirteach ag cruinniú amháin.

Ag an tús bhuail an grúpa leis an POS i gcomhair díospóireachta sonraithe faoi thorthaí an tsuirbhé TFC. Chuir an POS sonraí ar fáil maidir leis na suirbhéanna fiontraíochta a rinneadh i 2002 agus i 2003. D'aontaigh siad chomh maith ar aghaidh a thabhairt ar mholtaí maidir le ceisteanna eile a chur isteach i suirbhé 2004. Thar shraith chruinnithe rinne an Grúpa anailís agus plé ar na torthaí seo agus rinne siad roinnt conclúidí maidir le leibhéil úsáide TFC ag fiontair Éireannacha.

Tugadh cuireadh d'ionadaithe ó eagraíochtaí móra gnó, do ghníomhaireachtaí a bhíonn ag plé le GBMí, do chomhairleoirí TFC, do dhaoine acadúla agus d'eagraíochtaí eile chuig Díospóireacht de chuid an Fhócasghrúpa i mí Aibreáin chun plé a dhéanamh ar na conclúidí a d'eascair as sonraí an Ghrúpa Togra agus chun inchur díreach a fháil uathu maidir le constaicí i gcoinne úsáide níos fearr agus níos éifeachtaí TFCí agus maidir leis an gcaoi inar féidir na constaicí sin a sharú. Ba iad IMI a réitigh an seisiún seo agus thug sé léargas an-mhaith ar roinnt fadhbanna faoi úsáid TFC ag GBMí agus micrea-fhiontair.

Téarmaí Tagartha

Chun straitéis náisiúnta a fhorbairt, chun spreagadh agus cúnamh a thabhairt do GBMí, micrea-fhiontair san áireamh, chun Ríomhghnó a úsáid ar bhealach a mhéadófar a mbuntáiste comórtasach.

Sainmhíniú Ríomhghnó

'Is ionann Ríomhghnó agus Ríomhthráchtáil (ceannacht agus díolacháin ar líne) maraon le hathstruchtúrú[22] phróiséas ghnó chun an leas is fearr a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach.'

RíomhEoraip 2005

[22] Comhtháthú TF le próiséas gnó atá ann cheana féin.

Aschuir Chomhshocruithe Togra

Doiciméad:
- a leagfaidh síos comhthéacs d'fhorbairt na Straitéise
- a leagfaidh síos an scéal fíorasach maidir le leibhéil úsáide ag GBMí faoi láthair
- a léireoidh cén cur chuige polasaithe ar glacadh leis go dtí seo agus a léireoidh na tacaíochtaí atá le fáail faoi láthair chun úsáid níos fearr Ríomhghnó a spreagadh.
- a bheidh in ann constaicí in aghaidh ghlacadh ag GBMí agus constaicí a chuireann bac le húsáid chuí Ríomhghnó a aithint
- a léireoidh buntáistí Ríomhghnó agus na riachtanais atá ann glacadh le Ríomhghnó
- a bheidh in ann gníomhaíochtaí/tacaíochtaí a ba chóir leanacht ar aghaidh leo chun aghaidh a thabhairt ar na constaicí seo a aithint
- a leagfaidh sios spriocanna maidir le leibhéil uchtaithe ag GBMí agus a léireoidh modhanna chun monatóireacht a dhéanamh ar an spriocanna sin
- a mhíneoidh cé a bheidh i gceannas maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise
- a mhíneoidh modhanna seachadaidh eolais
- a chuirfidh síos ar struchtúir atá ann maidir le comhordanú/monatóireacht chur i bhfeidhm na Stráitéise
- a léireóidh cén chaoi a ndéanfar meastóireacht ar thionchar na ngníomhaíochtaí/dtacaíochtaí

Aguisín 2

Sonraí Phlean Gníomhaíochta Shochaí na Faisnéise agus Tionscnaimh maoinithe ag Gníomhaireachtaí

1) Tionscnaimh thacaíochta Ríomhghnó maoinithe ag Plean Gníomhaíochta Shochaí na Faisnéise 2000-2003

Bliain	Togra	Cur Síos	Maoinithe
2000	Aonad Ríomhghnó: Ranganna Máistreachta Ríomhthráchtála	Cur chun cinn tuisceana faoi Ríomhthráchtáil agus reachtaíocht in éineacht le IBEC	Eur0.3 milliún
2000-2002	Ciste Luathaithe Enterprise Ireland	Chun béim a chur ar chásanna Ríomhghnó chun samplaí de chleachtas cuí a sholáthar	Eur8.0 milliún
2000	Togra Empower - BFC	Chun béim a chur ar thograí do mhicrea-fhiontair	Eur3.6 milliún
2001-2002	Cláir Ríomhghnó Chumainn Lucht Tráchtála	Chun cumas Ríomhghnó i measc GBMí a chruthú trí thraenáil	Eur1.9 milliún
2003	Togra eBit Enterprise Ireland	Comhairle a sholáthar chun cabhrú le Straitéis Ríomhghnó chomhlachtaí agus leis an bhfeachtas um eolas oideachasúil	Eur1.0 milliún
2003	Cumainn Lucht Tráchtála Prism III	Ag spreagadh tuisceana agus ag soláthar traenála i Ríomhthairiscint do GBMí	Eur0.5 milliún
		Iomlán	**Eur15.4 milliún**

Aguisín 3

Liosta tuairiscí a ndéantar tagairt dóibh sa doiciméad straitéise

1. An tAonad um Fhaisnéise Eacnamaíoch - 'Reaping the benefits of ICT - Europe's Productivity
2. Tuairisc an Choimisiúin Eorpaigh 'Adapting eBusiness policies in a changing environment'. The lessons of the Go Digital Initiative and the challenges ahead.
3. Plean Gníomhaíochta um RíomhEoraip 2005: An Information Society for all.
4. Coimisiún Shochaí na Faisnéise - Building the Knowledge Society.
5. Coimisiún Shochaí na Faisnéise - Building Trust through the Legal Framework
6. Monatóir Ríomhghnó Forfás 2003.
7. Tuairisc na POS; Information Society Statistics - Ireland 2003.
8. An Dara Plean Gníomhaíochta de chuid Shochaí na Faisnéise in Éirinn - New Connections.
9. Tuairisc Ríomhghnó na POS; the Policy Requirements
10. An Roinn Trádála agus Tionsclaíochta, Gnó in Aois na Teicneolaíochta; International Benchmarking Study 2003, Booz Allen Hamilton.
11. An Treoir um Thráchtáil Leictreonach 2000/31/CE, uchtaithe ag Parlaimint agus Comhairle na hEorpa i Meitheamh 2000 a aistríodh i ndlí náisiúnta 24 Feabhra 2003.
12. Treoir don Chomhphobal Eorpach (Treoir 2000/31/CE) Rialacháin, 2003 (I.R. Uimh 68 2003) a thugann éifeacht in Éirinn do roinnt forálacha de Threoir 2000/31/CE de chuid na Parlaiminte agus na Comhairle 8 Meitheamh 2000 faoi ghnéithe dlíthiúla áirithe ar sheirbhísí Shochaí na Faisnéise, ríomhthráchtáil ach go háirithe, sa Mhargadh Inmhéanach ('Treoir um RíomhGhnó')
13. RIALACHÁIN leis an teideal Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Treoir 2000/31/CE) 2003 (I.R. Uimh 68 2003)
14. Tuairisc ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa - First Report on the application of Directive (2000/32/EC) de chuid na Parlaiminte agus na Comhairle 8 Meitheamh 2000 faoi ghnéithe dlíthiúla áirithe ar sheirbhísí Shochaí na Faisnéise, ríomhthráchtáil ach go háirithe, sa Mhargadh Inmhéanach ('Treoir um RíomhGhnó')

Aguisín 4

Liosta suímh Idirlín

Eagraíocht	**Nasc idirlín**
Enterprise Ireland	www.enterprise-ireland.com
Open Up	www.openup.ie
Forbairt na Sionna	www.shannondev.ie
Boird Fhiontraíochta Chontaetha	www.empower.ie
Forfás	www.Forfás.ie
Intertrade Ireland	www.iti.com
Roinn an Taoisigh	www.taoiseach.gov.ie
An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha	www.dcmnr.ie www.netsecure.ie
Coimisiún Shochaí na Faisnéise	www.isc.ie
An Phríomhoifig Staidrimh	www.cso.ie
Coimisiún na hEorpa - SG um Fhuintraíocht	www.europa.eu.int/com/enterprise/
Portal EBSN	www.e-bsn.org
EEurope 2005	www.europa.eu.int/information_society/eeurope/2005/index_en.htm
EBusiness Watch	www.eBusiness-watch.org
ELEAS Portal	www.eBusinesslex.org
Eagraíocht do Chomhoibriú agus d'Fhorbairt Eacnamaíoch (ECFE)	www.oecd.org
An tAonad um Fhaisnéis Eacnamaíoch	www.EIU.com
Roinn Trádála agus Tionsclaíocht na RA	www.dti.co.uk